



An Bhruiséil, 30 Iúil 2015
(OR. en)

11271/15

CORDROGUE 60
SAN 251

NÓTA ÍTIME "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	10371/15 REV 1 10118/15
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2013-2016 a chur chun feidhme i ndáil le híoschaighdeáin cháilíochta chun an t-éileamh ar dhrugaí a laghdú san Aontas Eorpach

1. Ceann de thosaíochtaí Straitéis Drugaí 2013-2020¹ an Aontais Eorpaigh ná caighdeáin cháilíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme i réimsí éagsúla a bhaineann leis an éileamh ar dhrugaí a ísliú. Go sonrach, le gníomh 9 de Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí 2013-2016, 9963/13 cuirtear de chúram ar an gComhairle, ar an Meitheal Chothrománach maidir le Drugaí, ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar EMCDDA *teacht ar chomhaontú maidir le híoschaighdeáin cháilíochta don Aontas a chabhróidh leis an mbearna idir eolaíocht agus cleachtas a shárú agus tús a chur lena gcur chun feidhme maidir le:*
 - (a) *Bearta i ndáil le coisc, idir choisc thimpeallachta, uilíochta, roghnaitheacha agus choisc léirithe;*
 - (b) *Bearta i ndáil le luathbhrath agus le hidirghabháil;*
 - (c) *Bearta i ndáil le baol agus le dochar a laghdú; agus*
 - (d) *Bearta i ndáil le cóireáil, le hathshlánú, le hath-imeascadh agus le téarnamh'*

¹ Réimse beartais 2, mír 19.1, 2012/C402/01.

2. Le linn Uachtaránacht Iodálach na Comhairle, bunaíodh grúpa comhairliúcháin de shaineolaithe a chuir le forbairt na gcaighdeán reatha maidir le héileamh ar dhruaí a íslíú agus de pháirtithe leasmhara atá ag obair sa réimse sin d'fhonn liosta a chur le chéile de na híoschaighdeáin cháilíochta a d'fhéadfaí a bhunú don chosc, don laghdú baoil agus dochair, don chóireáil, don ath-imeascadh sóisialta agus don athshlánú. Chuir an grúpa saineolaithe san áireamh an staidéar a rinneadh agus atá á dhéanamh, na comhdhálacha agus na himeachtaí a eagraíodh ar an ábhar, go háirithe tionscnamh EQUUS (2011), a mhaoinigh an Coimisiún Eorpach, an obair a d'fhorbair an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhruaí agus um Andúil i nDruaí (EMCDDA) (2012)², agus Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC) (2013)³, chomh maith leis gníomhaíochtaí a rinne Uachtaránacht Gréagach na Comhairle, go háirithe torthaí an chruinnithe a bhí ag na Comhordaitheoirí Náisiúnta Drugaí san Aithin i mí an Mheithimh 2014.
3. Cuireadh an liosta d'íoschaighdeáin cháilíochta maidir le héileamh ar dhruaí a íslíú a dhréachtaigh an grúpa saineolaithe thuasluaite i láthair agus rinneadh scrúdú air ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal Chothrománach um Dhruaí an 10 Nollaig 2014, an 13-14 Eanáir 2015, an 3-4 Feabhra 2015 agus an 25-26 Feabhra 2015. Bhí an doiciméad sin (10118/15 CORDROGUE 52) ceaptha mar dhoiciméad teicniúil d'ullmhúcháin na gConclúidí ón gComhairle ar an ábhar.
4. Le linn Uachtaránacht Laitviach na Comhairle, cuireadh i láthair agus rinneadh scrúdú ar na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais i ndáil le Drugaí 2013-2016 ó thaobh íoschaighdeáin cháilíochta chun an t-éileamh ar dhruaí a laghdú san Aontas Eorpach, ina leagtar amach na híoschaighdeáin cháilíochta don chosc, don laghdú baoil agus dochair, don chóireáil, don ath-imeascadh sóisialta agus don athshlánú, ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal Chothrománach um Dhruaí an 28-29 Aibreán, an 22 Bealtaine agus an 16 Meitheamh. An 9-10 Iúil 2015, faoin Uachtaránacht Lucsamburgach, chuir an Meitheal bailchríoch ar an téacs.
5. Iarrtar, mar sin, ar COREPER a dheimhniú gur thángthas ar chomhaontú maidir le téacs na ndréacht-Chonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach in 10371/1/15 REV 1 iad agus iarrtar air freisin iad a chur faoi bhráid na Comhairle lena bhformheas.

² Na Caighdeáin Eorpacha Cháilíochta maidir le Drugaí a Chosc ag <http://prevention-standards.eu/wp-content/uploads/2013/06/EMCDDA-EDPQS-Manual.pdf>

³ Na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hÚsáid Drugaí a Chosc ag http://www.unodc.org/documents/prevention/prevention_standards.pdf